



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers



Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT)


Turas teanga agus eolais

Cruinniú tacaíochta a 5 ar líne





Nósanna do na Cruinnithe ar líne



Cuir do
cheamara ar siúl.



Múch an
micreafón nuair
nach bhfuil tú ag
caint.



Rannpháirtíocht.

Intinní Foghlama



Beidh deis ag rannpháirithe;

bhur n-eispéireas ar FCÁT le seachtain nó coicís anuas a roinnt agus a phlé


breathnú ar thuiscint an scoláire agus a m(h)úinteoir ar cá bhfuil siad ar a dturas teanga

foghlaim faoi ról an scaflála teanga agus na bealaí go bhfuil rannpháirtithe ag scafláil na foghlama

cuir leis an nGluais BICS and CALP



An Tionscadal



 An Roinn Oideachais
Department of Education

**Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT)
Tionscadal Píolótach don
Ghaeilge 2024/25**

Cuireadh do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla chun páirt a ghlacadh san tionscadal píolótach





**Foghlaim Chomhtháite
Ábhar agus Teanga**

**Dialann Mhachnaimh
an Mhúinteora**

Ainm:

Scoil:

Rang:



	Nótaí machnaimh
Rudaí dearfacha a thug mé faoi deara an tseachtain seo (<i>a bhaineann leis an tionscadal FCÁT</i>)	Ó thaobh teanga agus dearcadh an scoláire
Moltaí pearsanta dom féin chun cuidiú liom agus leis na páistí an chéad t-seachtain eile	Smaoineamh a rith leat faoin tionscadal
Ceist(eanna) atá fós agam:	Cad a dhéanfadh an eispéireas níos fearr domsa/do mo scoláirí



Ag roinnt ár n-eispéiris

- Rud amháin dúshlánach a thit amach

- Rud amháin a thárla a bhí suimiúil



- Rud amháin a chuir ionadh ort

- Rud amháin a d'fhoghlaim tú an tseachtain seo

Sula bhfreagraíonn tú, tugaimid deis mhachnaimh daoibh le smaoineamh ar cheisteanna agus nóta a bhreacadh síos (3 nóiméad)



Cad é FCÁT arís?


I gcás FCÁT, múintear ábhar eile an churaclaim trí theanga eile (teanga nach máthairtheanga an pháiste í), ionas go bhfoghlaímítear an t-ábhar trí mheán na sprioctheanga.

‘In short, CLIL is a dual- focused educational approach in which an additional language is used for the learning and teaching of both content and language’. (*Mehisto et al., 2008: 9*).

Inniu díreoimid ar theanga



Claontas FCÁT- An Ghaeilge mar mheán teagaisc



Ceist na seachtaine seo caite!

Cá bhfuil do rang FCÁT ar an gclaontas FCÁT seo?



(Curtha in oiriúint ó obair Knight, 2022)



Turas Teanga

Is féidir féachaint ar fhoghlaim agus ar shealbhú na Gaeilge mar thuras.

Is foghlaimeoir é an scoláire ag tosú amach dó agus de ghnáth, is foghlaimeoir é i gcaitheamh an turais.

(An Roinn Oideachais, 2023, *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T2*, lch.13)







Turas Teanga

Bíonn sprioc ag an bhfoghlaimeoir faoi mar a bhíonn ag gach duine roimh dhul ar thuras dó, is é sin ceann scríbe a bhaint amach.

An sprioc nó an ceann scríbe a bhíonn ag an scoláire ar an turas teanga seo ná a bheith ina (h)úsáideoir teanga atá cumasach, neamhspleách, féinrialaitheach.

(An Roinn Oideachais, 2023, Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T2, lch.13)







Turas Teanga

Is cuid thábhachtach den turas teanga an fhoghlaim agus an sealbhú teanga sa tsraith shóisearach a leanann ar aghaidh ó shaothrú na teanga sa bhunscoil agus a leanfaidh ar aghaidh sa tsraith shinsearach.

. (An Roinn Oideachais, 2023, Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T2, lch.13)






Turas Teanga

Foghlama na Gaeilge & tábhacht an chur chuige chomhtháite


- 3 thaobh ar an gcruit a léiríonn na trí shnáithe
- 5 théad ar mar shiombail den chúig scil teanga
- Bainfear amach **sealbhú teanga** trí na chinntiú go bhfuil na snáitheanna agus na scileanna teanga comhtháite



(Sonraíocht na Sraithe Sóisearaigh Ich 13)



Guth an Scoláire



- Cá bhfuil siad ar a dturas teanga?
- Is féidir leat do thuras féin a dhearadh ag smaoineamh ar na scoláirí os do chomhair
- Aidhm ná iad a chur ag smaoineamh ar a dturas teanga féin.



Ról an mhúinteora

- Is é an múinteoir, i gcomhpháirt leis an scoláire, a threoraíonn an scoláire ar an turas seo.
- Is é gnó an mhúinteora ná an teagasc agus an fhoghlaim a stiúradh agus a éascú.

Tá sé seo ar siúl agaibh sa tionscadal seo le FCÁT

- (An Roinn Oideachais, 2023, Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T2, Ich.13)



Ról an mhúinteora

- Ciallaíonn sé seo go gcruthaíonn sé ionchur saibhir teanga sa teagasc.
- Tá saineolas nó eolas speisialta ag an múinteoir ar an teanga agus tá eolas agus scileanna speisialta aige a bhaineann leis an teanga a theagasc (oideolaíocht) agus éascaíonn sé an fhoghlaim

Tá sé seo ar siúl agaibh sa tionscadal seo le FCÁT

(An Roinn Oideachais, 2023, Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T2, lch.13)



Zón Neasfhorbartha
(Zone of Proximal Development)

Is féidir le
scoláire
feidhmiú
gan cabhair

Ní féidir le scoláirí é
a dhéanamh

Zón Neasfhorbartha

An Zón foghlama ina gcuidíonn múinteoirí agus comhscoláirí le scoláire scil nó eolas ‘níos airde’ a bhaint amach

Ní féidir leis an bhfoghlaiméir atá ag foghlaim an ábhair nua sin a dhéanamh gan cabhair óna m(h)úinteoir nó a gcomhscoláirí.

(McLeod, 2024)



Scafláil

Tá an meafar scafláil in úsáid go forleathan le blianta beaga anuas mar bhealach le léiriú go bhfuil ar mhúinteoirí tacaíocht sealadach a chur ar fáil a chuideoidh lena scoláirí tuiscint níos fearr, níos doimhne a fháil ar eolas, ar choincheap nó ar scil - díreach mar a dhéanann tógálaithe a chuireann scafláil riachtanach, ach sealadach, ar fáil ar fhoirgneamh.





Scafláil

Is féidir foghlaim teanga a scafláil nuair a thugann tú -

- frámaí scríbhneoireachta dóibh

- nuair a thugtar abairtí samplacha do scoláire.

- nuair a thugann tú treoracha céim ar chéim ar tasc - sin scafláil

Le fócas ar an teanga

- nuair a fhiafraíonn tú do scoláire rud éigin a mhíniú, agus tugann tú abairtí dó/dí atá le n-úsáid ina f(h)reagra – sin scafláil.

Cuidíonn sé seo go mór le scoláire nach bhfuil róchinnte faoin a gcumas teanga fócas a chur ar an ábhar atá á mhúineadh/fhoghlaim – nuair a dhéantar é seo ní bhíonn aon imní ar an scoláire faoin teanga.



Scafláil

Is féidir foghlaim teanga a scafláil

- Nuair a chuirtear freagraí samplacha ar fáil do do scoláirí ar eagla nach dtuigeann siad rud áirithe.
- Nuair a nascann tú scafláil le tasc - na scoláirí ag cumadh ceisteanna faoin freagraí samplacha a thug tú mar a luadh thuas

Ag smaoineamh ar na
samplaí seo

Cad iad na
féidearthachtaí eile atá
ann don scafláil?

*Labhair amach nó cuir sa
bhosca comhrá é*



Scafláil

Fócas ar an bhfoghlaim

- * Cruthaigh fráma gur féidir le do scoláire a bhfoghlaim a líonadh isteach air bunaithe ar d'ábhar teagaisc
- * D'fhéadfaí 'lín na bearnaí' a úsáid áit go bhfuil an bhéim ar an eolas atá le foghlaim.
- * Caithfear míniú go mion do scoláirí FCÁT conas tabhairt faoi cheachtanna deacra ach seachain – ná déan an obair dóibh ach cuir na céimeanna ar fáil dóibh go mbeidh siad in ann tabhairt faoin tasc. Nuair a fheictear go bhfuil scoláire I mbunc le píosa oibre is féidir iad a threorú chuig na céimeanna leagtha síos.



An Ghluais

[Teanga don BIC agus CALP
\(Tionscadal an RO & Oide\).xlsx](#)

A screenshot of a Microsoft Excel spreadsheet. The spreadsheet has one column labeled 'A'. The first row contains the title 'Gnáthnathanna a chabhróidh le mo scoláirí'. The following rows contain a list of Irish questions: 'Gabh mo leithscéal', 'Ní thuigim cad atá le déanamh?', 'Ní thuigim an focal?', 'An féidir liom ceist a chur i mBéarla?', 'Ní féidir liom an clár bán a fheiceáil', 'Ní thuigim an cheist', 'Abair arís é le do thoil', 'Ní raibh sé sin ar eolas agam', and 'D'fhoghlaim mé é sin sa bhunscoil'. The final row of text is 'Táim anseo!'. The Excel ribbon is visible at the top, showing the Font and Alignment tabs. The bottom status bar shows the active workbook 'CALP OSPS' and other workbooks 'CALP OSSP' and 'CALP IMBVE'.



Ceist agam ort

Conas mar a cheapann tú go bhfuil tusa mar mhúinteoir FCÁT ag forbairt?

Conas mar a cheapann tú go bhfuil do scoláirí ag feabhsú?

Cad é an comhairle is fearr a cuireadh ort maidir le FCÁT agus an tionscadal atá idir lámhe againn?



Tagairtí

An Roinn Oideachais (2023) Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)

Knight, B. (2022). A research-based approach to professional development for English as a Medium of Learning teaching staff. In P. Watkins (Ed.), *The Better Learning Research Review*. Cambridge University Press & Assessment. <https://www.cambridge.org/9781009152150>



Míle buíochas & Go n-éirí libh leis an obair

Feicfimid ar líne sibh ar an
Déardaoin 13ú Márta 2025

ag a **12:00**